

Tuarascáil speisialta

Feirmeoireacht orgánach san Aontas Eorpach

Cuireann bearnaí agus neamhrialtachtaí
bac ar rath an bheartais



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA HEORPA

Clár

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-X
Réamhrá	01-12
Feirmeoireacht orgánach mar chleachtas talmhaíochta níos inbhuanaithe	01-04
Cuid dhílis den earnáil orgánach is ea an fheirmeoireacht orgánach	05-06
Beartas an Aontais maidir leis an earnáil orgánach	07-10
Róil agus freagrachtaí	11-12
Scóip agus cur chuige na hiniúcháireachta	13-17
Barúlacha	18-77
Bearnaí i mbeartais an Aontais agus i mbeartais náisiúnta don earnáil orgánach	18-35
Lagaítear creat straitéiseach mar gheall ar bhearnaí i mbeartas an Aontais maidir leis an earnáil orgánach	19-24
Cuireann laigí sa bheartas náisiúnta bac ar fhorbairt earnáil orgánach an Aontais	25-31
Níor thug na Ballstáit aghaidh ach go páirteach ar riachtanais shonracha a n-earnála orgánaí nuair a bhí tacaíocht CBT á clársceidealú acu	32-35
Méadú ar an limistéar, ach is dúshlán fós é cuspóirí na feirmeoireachta orgánaí a chomhtháthú in CBT	36-59
Chuidigh tacaíocht CBT leis an limistéar orgánach a mhéadú, ach níor ráthaíodh tairbhí comhshaoil i gcónaí	37-43
Níor áirithigh na Ballstáit i gcónaí go mbeadh táirgeadh orgánach mar thoradh ar thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach	44-51
Níor dhírigh na Ballstáit ar chistiú CBT sách maith chun an earnáil orgánach a fhorbairt a thuilleadh	52-59

Cuireann srianta sonraí teorainn le ceapadh fóna beartais don earnáil orgánach	60-77
Ní féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach	61-66
Níl uirlisí an Aontais atá ann cheana oiriúnach chun anailís a dhéanamh ar thionchar na feirmeoireachta orgánaí	67-71
Níos lú athróa staidrimh bailithe maidir leis an earnáil orgánach	72-77
Conclúidí agus moltaí	78-82

Iarscríbhinn – Tomhaltas táirgí orgánacha sna Ballstáit

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

Achoimre feidhmiúcháin

I Is modh talmhaíochta í an fheirmeoireacht orgánach chun bia a tháirgeadh trí shubstaintí agus próisis nádúrtha a úsáid, ar modh é a rannchuidíonn le bithéagsúlacht agus níos lú truailithe uisce, aeir agus ithreach. Measann an Coimisiún gur príomhuirlis í chun an talmhaíocht a dhéanamh níos inbhuanaithe agus leag sé síos an sprioc 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais a bheith á shaothrú go horgánach faoi 2030 – méadú suntasach ó 10.5 % in 2022. I dtréimhse 2014-2022, fuair feirmeoirí thart ar €12 bhilliún chun tacú le cleachtais feirmeoireachta orgánaí faoin gcomhbheartas talmhaíochta.

II Inár n-íniúchadh, rinneadh measúnú ar dhearadh agus cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas don fheirmeoireacht orgánach agus an fhaireachán uirthi. Chlúdaigh sé tréimhse 2014-2022, agus, i gcás inarb ábhartha, sheiceálar freisin na forálacha agus na cláir atá i bhfeidhm do 2023-2027. Rinneamar an t-íniúchadh seo i bhfianaise an mhéid suntasach caiteachais ón Aontais ar fheirmeoireacht orgánach. Táimid ag súil go gcuirfidh ár dtuarascáil le beartas an Aontais don earnáil orgánach agus le tograí reachtacha an Choimisiúin do CBT tar éis 2027, atá beartaithe in 2025.

III Ar an iomlán, tháingamar ar an gconclúid go raibh bearnaí i mbeartais an Aontais agus i mbeartais náisiúnta don earnáil orgánach. Úsáideadh cistí CBT chun an limistéar a shaothraítear go horgánach a mhéadú, gan na cuspóirí comhshaoil agus margaidh a leagtar amach i mbeartas an Aontais maidir le feirmeoireacht orgánach a chur san áireamh go leordhóthanach. Níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar thionchar an bheartais mar gheall ar shrianta ar sonraí.

IV Fuaireamar go raibh bearnaí gcreat straitéiseach bheartas an Aontais don earnáil orgánach. Tá gnéithe tábhachtacha in easnamh i bpleananna gníomhaíochta an Aontais, a úsáideann an Coimisiún chun an straitéis don earnáil orgánach a shainiú. Cé gur feabhas é an t-plean atá ann faoi láthair ar an bplean a bhí ann roimhe seo, níl spriocanna inchainníochtaithe ann fós le haghaidh na gculpóirí agus na ngníomhaíochtaí sainithe ná níl bealach ann chun dul chun cinn a thomhas. Is í an t-aon sprioc atá ann don earnáil orgánach an sprioc neamhcheangailteach 25 % le haghaidh talamh a shaothraítear go horgánach, sprioc nach ndíríonn ach ar an limistéar a mhéadú. Níl aon straitéis ná sprioc ann don earnáil orgánach tar éis 2030.

V Tá difríochtaí móra sna Ballstáit maidir leis an méid forbartha san fheirmeoireacht orgánach, agus maidir leis na huailmhianta atá ann chun í a mhéadú a thuilleadh. Cé go bhfuil pleananna gníomhaíochta orgánacha i bhfeidhm anois ag gach ceann de na 27 mBallstát seachas trí cinn acu, tá baol ann nach mbeidh siad sin leordhóthanach chun go mbeifear in ann sprioc 25 % an Aontais a bhaint amach faoi 2030. Chun go an sprioc sin a bhaint amach, bheadh gá le dúbailt ar an méadú bliantúil atá ann faoi láthair ar an bhfeirmeoireacht orgánach. Sna Ballstáit ina bhfuil an earnáil orgánach tearcfhorbartha, d'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir leis an bhforbairt a chur chun cinn. Mar sin féin, lagaíonn cáilíocht íseal na bpleananna sin a dtionchar.

VI Is é an comhbheartas talmhaíochta an phríomhfhoinsé cistithe chun an fheirmeoireacht orgánach a fhorbairt san Aontas. Fuaireamar, cé gur chuidigh an tacaíocht sin le limistéar na talún a shaothraítear go horgánach a mhéadú, gur dúshlán fós é cuspóirí comhshaoil agus margaidh bheartas an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach a chomhtháthú i gcaiteachas an Aontais.

VII Tá soláthar thacaíocht an Aontais don fheirmeoireacht orgánach bunaithe ar na tairbhí comhshaoil a bhfuiltear ag súil leo, ach ní ráthaítear iad sin i gcónaí. Níor cuireadh rialacha maidir le feirmeoireacht orgánach i bhfeidhm go comhsheasmhach sna ceithre Bhallstát ar thugamar cuairt orthu, go háirithe maidir le huainíocht barr agus leas ainmhithe. Cé go bhféadfadh a thionchar dearfach ar an gcomhshaoil a threisiú trí phrionsabail dheonacha na feirmeoireachta orgánaí a chomhtháthú i gcaiteachas an Aontais, fuaireamar gur annamh a rinne na Ballstáit amhlaidh.

VIII Cuspóir amháin de bheartas an Aontais is ea go dtáirgtear réimse leathan bianna leis an bhfeirmeoireacht orgánach chun an margadh le haghaidh táirgí inbhuanaithe a sholáthar. Feidhmíonn margadh dea-fhorbartha mar dhreasacht bhreise d'fheirmeoirí aistriú go feirmeoireacht orgánach agus éascaíonn sé fás fadtéarmach. Ina ainneoin sin, ní dhearna na Ballstáit cistiú CBT a spriocdhírú ar bhealach leormhaith chun seasamh feirmeoirí sa luachshlabhra a neartú agus chun an earnáil orgánach a fhorbairt tuilleadh.

IX Déanann an Coimisiún faireachán ar chaiteachas an Aontais ar an bhfeirmeoireacht orgánach agus ar mhéid an limistéir a dtugtar tacaíocht dó. Ní féidir tionchar na tacaíochta sin a mheas, áfach, toisc nach bhfuil na huirlisí atá ann cheana oiriúnach don fheidhm. Tá easpa sonraí ag an gCoimisiún freisin maidir leis an gcaoi a dtacaíonn caiteachas an Aontais le forbairt na hearnála orgánaí thar an bhfeirmeoireacht orgánach, go háirithe ós rud é gur lú sonraí a bhailítear anois ná mar a bailíodh roimh 2021.

X Bunaithe ar ár bhfionnachtana, molaimid don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- creat straitéiseach an Aontais maidir le forbairt na hearnála orgánaí a neartú, lena mbunaítear bealach chun dul chun cinn a thomhas agus fíis tar éis 2030 a leagan síos;
- cuspóirí comhshaoil agus margaidh a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i dtacaíocht CBT agus cistí tar éis 2027 chun an earnáil orgánach a fhorbairt a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr;
- a áirithiú go mbeidh sonraí ábhartha ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt na feirmeoireachta orgánaí agus ar a tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid trí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as uirlisí agus as fhaisnéis atá ann cheana.

Réamhrá

Feirmeoireacht orgánach mar chleachtas talmhaíochta níos inbhuanaithe

01 Úsáidtear beagnach 40 % de thalamh an Aontais le haghaidh talmhaíochta¹. Cé gurb é an príomhról atá aici bia a sholáthar, cuireann an talmhaíocht le forbairt agus comhtháthú sóisialta na gceantar tuaithe freisin. Braitheann an talmhaíocht ar úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus is foinse brúnna comhshaoil agus aeráide í freisin, rud a fhágann go dtruaillítear an ithir, an t-uisce agus an t-aer, agus go ndéantar róshaothrú ar acmhainní nádúrtha².

02 Ó na 1990idí i leith, tá an tAontas ag spreagadh úsáid cleachtas feirmeoireachta atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Díobh sin, is í an fheirmeoireacht orgánach an t-aon mhodh táirgthe talmhaíochta atá caighdeánaithe agus rialaithe ar leibhéal an Aontais. Is é is aidhm don fheirmeoireacht orgánach bia a tháirgeadh ina n-úsáidtear substaintí agus próisis nádúrtha, i gcomhréir leis na prionsabail agus na rialacha a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais – féach [Fíor 1](#).

¹ Eurostat, [Feirmeacha agus talamh feirme san Aontas Eorpach – staidreamh](#), 2020.

² LEE, [SOER 2020](#), lch. 295 agus 314.

Fíor 1 – Prionsabail agus rialacha na feirmeoireachta orgánaí



PRIONSABAIL:



Córais agus timthrialta
an dúlra a urramú



Sláinte agus cáilíocht
ithreach a chothú agus a
fheabhsú



Gnéithe **tírdhreacha**
nádúrtha a chaomhnú



Úsáid fhreagrach a bhaint as
fuinneamh agus acmhainní
nádúrtha (uisce, ithir, ábhar
orgánach, agus aer)



Srian a chur le **húsáid**
ionchur seachtach



Réimse leathan bia ar
ardchaighdeán a tháirgeadh

Rialacha maidir le BEOSTOC:

ardchaighdeáin leasa
ainmhithe lena
n-urramaítear riachtanais
speiceas-sonracha

srian mór ar **úsáid**
antaibheathach

beatha orgánach nó beatha
atá á tiontú, ón ngabháltas
talmhaíochta go príomha

íoscheanglais spásála agus
rochtain ar limistéir lasmuigh
agus ar fhéarach

gan aon spreagthóirí fáis ná
beathú iallaigh

deighilt shoiléir idir aonaid
thraidisiúnta agus aonaid
orgánacha ar fheirmeacha
measctha

Rialacha maidir le BARRA:

gan aon lotnaidicídí
sintéiseacha ná leasacháin

gan aon orgánaigh
ghéinmhodhnaithe

siolta orgánacha agus ábhar
atáirgthe plandaí

uainíocht barr ilbhliantúil lena
n-áirítear barra léagúmacha
agus barra aoiligh glasa eile

bearta coisctheacha agus
réamhchúraim chun éilliú a
sheachaint

deighilt shoiléir idir aonaid
thraidisiúnta agus aonaid
orgánacha ar fheirmeacha
measctha

Foinse: CIE, bunaithe ar **Rialachán (AE) 2018/848** maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha.


03 Ós rud é go bhfuil sí bunaithe ar theorannú docht ar lotnaidicídí sintéiseacha agus ar leasacháin, meastar gur rogha mhalartach í an fheirmeoireacht orgánach atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ná an talmhaíocht thraidisiúnta de réir dearaidh, rud a chuireann le níos mó bithéagsúlachta agus le níos lú truaillithe uisce, aeir agus ithreach³. Is féidir le huainíocht barr agus cleachtais bhainistíochta eile a úsáidtear ar fheirmeacha orgánacha feabhas a chur ar shláinte agus torthúlacht na hithreach, chomh maith le cumas na hithreach uisce a choinneáil agus carbón a ghabháil, rud a rannchuidíonn le hathléimneacht aeráide.

04 In 2022, rinneadh feirmeoireacht orgánach ar thart ar 17 mhilliún heicteár san Aontas, arb ionann é sin agus 10.5 % den limistéar talmhaíochta iomlán a úsáideadh⁴. Cé go bhfuil méadú leanúnach tagtha san Aontas ar sciar an limistéir talmhaíochta orgánaigh ó 2014 i leith, bhí éagsúlacht shuntasach ann maidir le glacadh na feirmeoireachta orgánaí ar leibhéal na mBallstát, idir 0.6 % i Málta agus 25.7 % san Ostair, mar a léirítear i [bhFíor 2](#).

³ Smith OM, Cohen AL, Rieser CJ, Davis AG, Taylor JM, Adesanya AW, Jones MS, Meier AR, Reganold JP, Orpet RJ, Northfield TD agus Crowder DW, [Soláthraíonn Feirmeoireacht Orgánach Sochair Chomhshaoil Iontaofa ach Méadaíonn sé Éagsúlacht i dTorthaí Barraí:Meitea-Anailís Dhomhanda](#), Meán Fómhair 2019.

⁴ Eurostat, [Forbairtí san fheirmeoireacht orgánach](#).

Fíor 2 – Seasann ceithre Bhallstát do bheagnach 60 % de limistéar talmhaíochta orgánaí an Aontais



NB: Sonraí 2020 a úsáideadh don Ostair.

Foinse: CIE, bunaithe ar [staidreamh Eurostat 2022 maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach](#) (faighte ar an 25 Meitheamh 2024).

Cuid dhílis den earnáil orgánach is ea an fheirmeoireacht orgánach

05 Soláthraíonn an fheirmeoireacht orgánach táirgí orgánacha don mhargadh, chun freagairt d'éileamh na dtomhaltóirí ar bhia níos inbhuanaithe. Dá réir sin, tá sí i gcoilár na hearnála orgánaí, lena gcuimsítear na gníomhaithe agus na próisis ar fad ón bhfeirm go dtí an tomhaltóir – féach **Fíor 3**. Tá dlúthbhaint ag forbairt na feirmeoireachta orgánaí le forbairt na hearnála orgánaí.

Fíor 3 – An earnáil orgánach



Foinse: CIE.

06 In 2022, seasann táirgí orgánacha do thart ar 4 % de mhargadh bia iomlán an Aontais, rud a ghineann €45 bhilliún i ndíolacháin⁵. Idir 2014 agus 2022, tháinig níos mó ná dúbailt ar dhíolacháin táirgí orgánacha san Aontas⁶. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí suntasacha fós ann idir na Ballstáit ó thaobh tomhaltais táirgí orgánacha de. In 2022, bhí an réimse idir €2 *per capita* a caitheadh sa Rómáin agus €365 *per capita* a caitheadh sa Danmhairg – féach an [Iarscríbhinn](#). Léiríonn na difríochtaí sin forbairt mhíchothrom mhargadh na dtáirgí orgánacha ar fud an Aontais agus an nasc atá aige le cumhacht cheannaigh sna Ballstáit.


Beartas an Aontais maidir leis an earnáil orgánach

07 Tá forbairt na feirmeoireachta orgánaí bunaithe ar na prionsabail, na rialacha agus na cuspóirí a leagtar amach i mbeartas an Aontais don earnáil orgánach. Tá an beartas sin comhdhéanta de thrí shraith: creat dlíthiúil, creat straitéiseach, agus creat airgeadais. Tá an beartas i bhfeidhm ó 1991 agus tá forbairt tagtha ar air le himeacht ama – féach [Fíor 4](#).

⁵ [Staidreamh FIBL](#) maidir le díolacháin mhiondíola orgánacha, agus [sonraí Statista](#) maidir le díolacháin bhia in AE-27 (asbhainte go deireanach an 12 Aibreán 2024).

⁶ [Ibid.](#)

Fíor 4 – Éabhlóid bheartas an Aontais don earnáil orgánach



Foinse: CIE.

08 Is é an [Rialachán maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha](#) (an Rialachán Orgánach) an bunús dlí don fheirmeoireacht orgánach agus rialaíonn sé an chuid eile de slabhra soláthair na hearnála orgánaí, ó fheirmeoirí go miondíoltóirí (féach [Fíor 3](#)). Leagtar síos ann cuspóirí agus prionsabail an táirgthe orgánaigh, agus na rialacha nach mór d’fheirmeoirí orgánacha agus d’oibreoirí eile a leanúint chun deimhniú orgánach a fháil.

09 Chomhlánaigh an Coimisiún creat dlíthiúil na hearnála orgánaí le trí phlean gníomhaíochta i ndiaidh a chéile, a foilsíodh in 2004, 2014 agus 2021. Bhí na pleananna gníomhaíochta sin ceaptha freisin straitéis an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach a shainiú⁷. I mBealtaine 2020, d’fhoilsigh an Coimisiún an straitéis ‘[ón bhfeirm go dtí an forc](#)’ agus [straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030](#), lena gcuirtear chun feidhme an [Comhaontú Glas don Eoraip](#). Leag an dá straitéis sprioc straitéiseach síos go mbeadh feirmeoireacht orgánach á déanamh ar 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais faoi 2030. Cé nach bhfuil sí ceangailteach, léirítear leis an sprioc go bhfuil ról ag an bhfeirmeoireacht orgánach maidir le cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais a bhaint amach.

10 Is tríd an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) den chuid is mó a cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil chun an fheirmeoireacht orgánach a fhorbairt. I dtréimhse 2014-2022, fuair feirmeoirí beagnach €12 bhilliún de thacaíocht ón Aontas ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Thuaithe (CETFT) chun tiontú go dtí feirmeoireacht orgánach nó chun cleachtais feirmeoireachta orgánaí a chothabháil. Ina theannta sin:

- o I dtréimhse 2014-2022, chuir an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta thart ar €60.6 milliún ar fáil chun táirgeadh orgánach a fhorbairt in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí trí eagraíochtaí táirgeoirí;
- o i dtréimhse 2014-2020 cuireadh thart ar €45 mhilliún de thacaíocht airgeadais ar fáil ón Aontas le haghaidh taighde agus nuálaíocht san fheirmeoireacht orgánach trí Fhís 2020; i dtréimhse 2021-2017, tá 30 % de chistí Fhís Eorpach le haghaidh talmhaíocht, foraoiseacht agus ceantair thuaithe beartaithe don earnáil orgánach;

⁷ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, ‘Measúnú tionchair a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha’, [SWD/2014/065 final](#), Márta 2014.

- o i dtréimhse 2016-2023, cuireadh thart ar €140 milliún ar fáil chun táirgí orgánacha a chur chun cinn trí bheartas cur chun cinn agraibhia an Aontais⁸; agus
- o i dtréimhse 2023-2027, tá sé beartaithe ag na Ballstáit thart ar €14.7 billiún a leithdháileadh chun tacú leis an bhfeirmeoireacht orgánach ina bpleananna straitéiseacha CBT⁹.

Róil agus freagrachtaí

11 Is é an Coimisiún, trí Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AS AGRI), i gcomhairle le hardstiúrthóireachtaí eile, a leagann amach beartas foriomlán an Aontais don earnáil orgánach. Formheasann an Coimisiún cláir forbartha tuaithe na mBallstát do CBT agus cuireann sé treoirlínte straitéiseacha ar fáil do na Ballstáit maidir le beartas orgánach an Aontais. In éineacht le AS AGRI, déanann Eurostat sonraí maidir leis an earnáil orgánach a bhailiú, a bhailíochtú agus a fhoilsiú. Cuireann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde eolas eolaíochtbhunaithe ar fáil chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionchar bheartais an Aontais.

12 Bunaithe ar a gcás sonrach agus ar a riachtanais shonracha, tá na Ballstáit freagrach as na cuspóirí náisiúnta maidir le feirmeoireacht orgánach agus an earnáil orgánach a bhunú, agus as tacaíocht airgeadais leormhaith ón Aontas agus ar an leibhéal náisiúnta a chlársceidealú chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Déanann na Ballstáit tacaíocht ábhartha ón Aontas a chlársceidealú agus a chur chun feidhme trína gcláir forbartha tuaithe.

⁸ Cinntí roghnúcháin an Choimisiúin maidir le beartas cur chun cinn agraibhia an Aontais do thréimhse 2016-2023.

⁹ An Coimisiún, 28 bplean straitéiseacha CBT formheasta (2023-2027), lch. 74, Meitheamh 2023.

Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

13 Scrúdaíomar dearadh, cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don fheirmeoireacht orgánach agus faireachán uirthi. D'fhiafraíomar an raibh an méid seo a leanas déanta ag an gCoimisiún agus na Ballstáit:

- o beartas fóna a cheapadh don earnáil orgánach chun borradh a chur faoin bhfeirmeoireacht orgánach;
- o cistí CBT a úsáid go héifeachtach chun tacú le cuspóirí comhshaoil agus margaidh na feirmeoireachta orgánaí;
- o faireachán agus meastóireacht iomchuí a dhéanamh ar thionchar bheartas an Aontais.

14 I bhfianaise [thuarascáil speisialta 04/2019](#) a d'eisíomar le déanaí maidir leis an gcóras rialaithe do tháirgí orgánacha agus [tuarascáil speisialta 25/2023](#) maidir le beartas do bharshaothraithe an Aontais, rinneamar rialuithe agus deimhniú na feirmeoireachta orgánaí agus earnáil an do bharshaothraithe orgánaigh a eisiamh ónár scóip. I bhfianaise a nádúir shonraigh, d'eisiamar freisin earnáil na beachaireachta orgánaí, taighde agus nuálaíocht san fheirmeoireacht orgánach, agus CERT chun tacú le táirgeadh orgánach in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí (féach mír [10](#)).

15 Rinneamar an t-iniúchadh seo i bhfianaise na sprice 25 % don fheirmeoireacht orgánach agus i bhfianaise na tacaíochta ón Aontas dar luach beagnach €12 bhilliún i dtréimhse 2014-2022 chun tiontú go cleachtais feirmeoireachta orgánaí nó chun iad a chothabháil. Táimid ag súil go gcuirfidh ár bhfionnachtana agus ár moltaí le beartas an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach a fhorbairt agus go gcuirfidh siad ionchur ar fáil do thograí reachtacha an Choimisiúin maidir le CBT tar éis 2027, atá beartaithe do 2025.

16 Chlúdaigh ár n-iniúchadh an tréimhse 2014-2022. I gcás inarb ábhartha, rinneamar seiceáil freisin ar na forálacha agus ar na cláir atá i bhfeidhm do 2023-2027. Fuaireamar fianaise ó na foinsí seo a leanas:




- o cruinnithe le hionadaithe ón gCoimisiún (AS AGRI, Eurostat agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde);

- o athbhreithniú ar shonraí agus ar dhoiciméid ábhartha, lena n-áirítear reachtaíocht shonrach agus staidéir shonracha, measúnuithe tionchair agus tuarascálacha iniúchóireachta, chomh maith le meastóireachtaí agus faisnéis faireacháin;
- o anailís a dhéanamh ar shonraí staidrimh agus ar shonraí bainistíochta cistiúcháin don earnáil orgánach san Aontas Eorpach;
- o agallaimh le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha, agus cruinnithe struchtúrtha le hionadaithe ón earnáil orgánach;
- o cuairteanna ar an láthair ar 26 fheirm orgánacha a fuair tacaíocht airgeadais ón Aontas (idir sé agus seacht bhfeirm i ngach Ballstát ar tugadh cuairt air);
- o cuairt staidéir ar an Danmhairg, Ballstát a chuir tacaíocht bheartais ar fáil don fheirmeoireacht orgánach ó 1987 i leith agus a bhfuil margadh dea-fhorbartha aige do tháirgí orgánacha;
- o plé painéil le saineolaithe eolaíochta, beartais agus feirmeoireachta orgánaí.

17 Thugamar cuairteanna iniúchóireachta ar cheithre Bhallstát: an Rómáin, an Pholainn, an Ostair agus an Iodáil. Roghnaíodh na tíortha sin chun sciartha éagsúla den limistéar orgánach agus an acmhainneacht le haghaidh tuilleadh forbartha a chlúdach (féach [Fíor 5](#)). San Iodáil, roghnaíomar réigiún Campania agus réigiún na Sicile chun féachaint ar chur chun feidhme réigiúnach thacaíocht CBT.

Fíor 5 – Feirmeoireacht orgánach sna Ballstáit a ndearnadh iniúcháireacht orthu

Achar ina mhíle ha

-  Limistéar talmhaíochta a úsáidtear
-  Limistéar a shaothraítear go horgánach
-  Sciar na feirmeoireachta orgánaí

 = 1 000 feirmeoir orgánach
(tá na huimhreacha slánaithe)

Tíortha in ord laghdaithe de réir an limistéir a shaothraítear go horgánach



Foinse: Staidreamh Eurostat 2022 bunaithe ar fheirmeoireacht orgánach (arna asbhaint an 25 Meitheamh 2024), agus Bio in Cifre don tSicil agus Campania. Sonraí 2020 a úsáideadh don Ostair.

Barúlacha

Bearnaí i mbeartais an Aontais agus i mbeartais náisiúnta don earnáil orgánach

18 Bhreathnaíomar ar an mbeartas a chuir an Coimisiún ar bun agus na Ballstáit chun tacú le forbairt na feirmeoireachta orgánaí¹⁰. Bhíomar ag súil leis an méid seo a leanas a fháil amach:

- o gur cheap an Coimisiún beartas cuimsitheach de chuid an Aontais don earnáil orgánach;
- o gur bhunaigh na Ballstáit beartais náisiúnta chun tacú le feirmeoireacht orgánach;
- o gur chláraigh na Ballstáit cistí CBT i gcomhréir le riachtanais shonracha a n-earnála orgánaí féin.

Lagaítear creat straitéiseach mar gheall ar bhearnaí i mbeartas an Aontais maidir leis an earnáil orgánach

19 De réir an Choimisiúin, cuireann pleananna gníomhaíochta an Aontais maidir le táirgeadh orgánach creat straitéiseach an Aontais ar fáil don earnáil orgánach. Fuaireamar, áfach, nach raibh aon sprioc don earnáil orgánach san áireamh i bplean gníomhaíochta 2014-2020. Bhí príomhghnéithe in easnamh air freisin, amhail an méid seo a leanas:

- o spriocanna inchainníochtaithe do chuspóirí sonracha an phlean agus dá ngníomhaíochtaí sonracha;
- o garspriocanna, agus amlíne chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme;
- o táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn;
- o ról agus ar fhreagrachtaí atá sainithe go soiléir; agus
- o leithdháiltí airgeadais.

¹⁰ An Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr, 2021.

20 I bplean gníomhaíochta 2021-2027, thug an Coimisiún le fios gur cuireadh gníomhaíochtaí faoin bplean roimhe sin chun feidhme, gan a shonrú cé na gníomhaíochtaí a rinneadh agus cad a baineadh amach. In éagmais spriocanna cainníochtaithe, táscairí faireacháin agus meastóireachta, ní fios fós cén tionchar iarbhír a bheidh ag plean gníomhaíochta 2014-2020.

21 In 2020, sainíodh an sprioc straitéiseach don earnáil orgánach leis an ngealltanas neamhcheangailteach go mbeadh 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais faoi fheirmeoireacht orgánach faoi 2030 (féach mír **09**). Chuir an Coimisiún plean gníomhaíochta 2021-2027 ar bun chun tacú baint amach na sprice sin. Sainíodh sa phlean gníomhaíochta cuspóirí sonracha chun feabhas a chur ar rannchuidiú na feirmeoireachta orgánaí leis an inbhuanaitheacht, éileamh a spreagadh agus muinín tomhaltóirí a áirithiú, agus tiontú a spreagadh agus an slabhra luacha iomlán a threisiú.

22 Fuair eamar gur feabhas é plean 2021-2027 i gcomparáid leis an bplean roimhe sin. Tugtar tuilleadh mionsonraí ann faoi na gníomhaíochtaí sonracha atá le cur chun feidhme laistigh de gach gníomhaíocht. Rinneadh na freagrachtaí a dháileadh amach idir an Coimisiún, na Ballstáit agus geallsealbhóirí eile. Chuir an Coimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn ar bun gach 6 mhí chun obair leantach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a rinneadh.

23 D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá spriocanna inchainníochtaithe fós in easnamh sa phlean le haghaidh na dtrí chuspóir shonracha agus níl sé d'acmhainn ann faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta trí na gníomhaíochtaí atá beartaithe. In éagmais na ngnéithe sin, beidh sé deacair measúnú a dhéanamh ar an méid a chuireann sé le forbairt na hearnála orgánaí. Braitheann inbhuanaitheacht na feirmeoireachta orgánaí le himeacht ama ar fhorbairt fhoriomlán na hearnála orgánaí. Chuirfeadh earnáil dhea-fhorbartha na dreasachtaí eacnamaíocha don fheirmeoireacht orgánach ar fáil d'fheirmeoirí. Mar sin féin, ní thagraíonn an sprioc 25 % ach don limistéar atá le feirmeoireacht go horgánach, gan aon spriocanna straitéiseacha don earnáil orgánach. Níl aon fhís straitéiseach ann don fheirmeoireacht orgánach ná don earnáil orgánach tar éis 2030 chun cobhsaíocht agus peirspictíocht fhadtéarmach a sholáthar don luachshlabhra.

24 Sa bhreis ar chuspóirí sonracha sna pleananna gníomhaíochta, sainítear freisin sa chreat dlíthiúil cuspóirí comhshaoil agus margaidh le haghaidh táirgeadh orgánach – féach **Fíor 6**. Mar sin féin, measann an Coimisiún gur buntréithe den chóras táirgthe bia orgánaigh iad na cuspóirí sa Rialachán Orgánach seachas cuspóirí iarbhír. Dá bhrí sin, ní dhéantar faireachán orthu ná ní thugtar aghaidh orthu go sonracha sa chreat straitéiseach.

Fíor 6 – Cuspóirí an Aontais don earnáil orgánach



Cuspóirí an chreata dlíthiúil


An Rialachán Orgánach

Cuspóirí comhshaoil

- cosaint an chomhshaoil agus na haeráide
- torthúlacht ithreach fhadtéarmach
- ardleibhéal bithéagsúlachta
- comhshaoil neamhthocsaineach
- póirthe neamhchoitianta agus dúchasacha atá i mbaol a ndíothaithe a chaomhnú
- soláthar ábhair ghéinitigh plandaí atá curtha in oiriúint do riachtanais shonracha na feirmeoireachta orgánaí a fhorbairt
- ardleibhéal bithéagsúlachta trí ábhar géiniteach plandaí éagsúil a úsáid
- ardchaighdeán leasa ainmhithe

Cuspóirí margaidh

- bealaí dáileacháin gearra agus táirgeadh áitiúil i limistéir éagsúla AE
- gníomhaíochtaí pórúcháin plandaí orgánacha a fhorbairt chun cur le peirspictíochtaí eacnamaíocha fabhracha na hearnála orgánaí



Cuspóirí an chreata straitéisigh

Plean gníomhaíochta AE maidir le táirgeadh orgánach 2021-2027

An straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus an Straitéis Bhithéagsúlachta a go dtí 2030

Cuspóir comhshaoil sonracha

- feabhas a chur ar rannchuidiú na feirmeoireachta orgánaí leis an inbhuanaitheacht

Cuspóirí a bhaineann go sonracha leis an margadh

- éileamh a spreagadh agus muinín na dtomhaltóirí a áirithiú
- an tiontú a spreagadh agus an luachshlabhra ina iomláine a threisiú

Cuspóir limistéarbhunaithe

- Feirmeoireacht orgánach a bheith á déanamh ar 25 % de thalamh talmhaíochta AE faoi 2030

Foinse: CIE, bunaithe ar Airteagal 4 de Rialachán (AE) 848/2018, agus plean gníomhaíochta 2021-2027 an Aontais maidir le táirgeadh orgánach a fhorbairt.


Cuireann laigí sa bheartas náisiúnta bac ar fhorbairt earnáil orgánach an Aontais

25 Ó 2004 i leith, agus d'fhonn éifeachtacht na tacaíochta poiblí don fheirmeoireacht orgánach a mhéadú, tá an Coimisiún tar éis na Ballstáit a spreagadh chun pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt don earnáil orgánach¹¹. Níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar na Ballstáit é sin a dhéanamh agus ní dhéanann an Coimisiún faireachán córasach ar ghlacadh pleananna gníomhaíochta náisiúnta.

26 Léiríonn straitéisí nó pleananna gníomhaíochta náisiúnta sonracha na mBallstát an earnáil orgánach a fhorbairt. I staidéar a rinneadh in 2023, rianaíodh ullmhú na straitéisí nó na bpleananna sin, a bhí an-éagsúil ó Bhallstát go chéile – féach [Fíor 7](#). Faoi dheireadh 2023, bhí plean gníomhaíochta náisiúnta i bhfeidhm ag gach Ballstát seachas trí cinn (an Ghréig, an Liotuáin agus an Spáinn).

¹¹ Gníomhaíocht 6 den [chéad phlean gníomhaíochta um tháirgeadh orgánach san Aontas](#), agus moltaí sa [dara](#) agus sa [tríú](#) plean gníomhaíochta um tháirgeadh orgánach san Aontas.

Fíor 7 – Tá éagsúlacht ann maidir le glacadh pleananna gníomhaíochta náisiúnta



* Dréachtphlean gníomhaíochta foilsithe don tréimhse reatha.

** Fógraíodh dréachtphlean gníomhaíochta don tréimhse reatha ach níor foilsíodh é.

Foinse: CIE, bunaithe ar fhaisnéis ó na Ballstáit, pleananna gníomhaíochta náisiúnta a ndearnadh iniúchóireacht orthu, agus an staidéar ‘Measúnú ar fhreagairtí beartais talmhaíochta agus do bharshaothraithe ar spriocanna orgánacha F2F’, Lampkin et al., 2024.


27 In 2023, bhí plean gníomhaíochta don earnáil orgánach ag na ceithre Bhallstát a ndearnamar iniúcháireacht orthu. De réir saineolaithe agus geallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo don iniúchadh, tá tionchar na bpleananna gníomhaíochta sin ar an earnáil orgánach ríthábhachtach i gcás ina bhfuil an earnáil tearcfhorbartha. Fuaireamar an méid seo a leanas:

- Sa Pholainn, rinneadh tionchar phlean 2014-2020 ar fhorbairt na hearnála orgánaí a lagú mar gheall ar easpa spriocanna, róil agus freagrachtaí soiléire agus leithdháileadh airgeadais. Ní dhearna údaráis na Polainne spriocanna agus freagrachtaí a shainiú don phlean go dtí 2018. Mhéadaigh an Pholainn a tomhaltas agus a díolacháin táirgí orgánacha faoi dhó i dtréimhse 2014-2020. D’ainneoin an mhéadaithe sin, bhí an seachtú leibhéal tomhaltais orgánaigh agus díolachán orgánach fós ann ag deireadh na tréimhse;
- Níor ghlac an Rómáin a céad phlean gníomhaíochta go dtí mí na Bealtaine 2023, cé go raibh an t-ochtú caiteachas CBT is airde aici chun aistriú chuig cleachtais feirmeoireachta orgánaí nó iad a choinneáil ar bun i dtréimhse 2014-2022. Sa phlean gníomhaíochta sin, thugamar faoi deara na laigí céanna sa Rómáin atá ann don Pholainn.

28 Chun an sprioc 25 % a bhaint amach faoi 2030, bheadh ar ghlacadh cleachtas feirmeoireachta orgánaí an luas reatha a dhúbailt – féach **Fíor 8**. Ag deireadh 2023, thuairiscigh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil gur dhócha go méadóidh na beartais agus an tacaíocht phoiblí atá ann faoi láthair an sciar d’fheirmeoireacht orgánach, ach nach méadóidh siad an sciar sin go leordhóthanach chun an sprioc a bhaint amach¹².

¹² Tuarascáil 11/2023 ó EEA, ‘Tuarascáil faireacháin maidir leis an dul chun cinn i dtreo chuspóirí an 8ú CGC 2023’, leathanach 70, Nollaig 2023.


Fíor 8 – Ní mór glacadh cleachtas feirmeoireachta orgánaí a dhúbailt chun an sprioc 25 % a bhaint amach faoi 2030



Foinse: Ríomhanna na Cúirte bunaithe ar shonraí Eurostat agus AS AGRI.

29 Tá gníomhaíochtaí a dhéanann na Ballstáit rithábhachtach chun go bhféadfaí an sprioc de 25 % don fheirmeoireacht orgánach a bhaint amach. Do thréimhse 2023-2027, bhí orthu sprioc a leagan síos do chaiteachas CBT ar an bhfeirmeoireacht orgánach. Chomhlánaigh roinnt tíortha sprioc CBT, atá le baint amach trí chaiteachas CBT amháin, le sprioc náisiúnta, atá le baint amach freisin tríd an margadh le haghaidh táirgí orgánacha agus/nó trí mhaoiniú náisiúnta breise. Fuaireamar go bhfuil éagsúlacht shuntasach i méid na huaimhíne nuair a bhíonn na spriocanna sin á socrú – féach **Fíor 9**.

Fíor 9 – Tá éagsúlacht shuntasach idir na spriocanna náisiúnta don fheirmeoireacht orgánach ó Bhallstát go chéile



Tabhair ar aire: Tá sprioc náisiúnta ag Lucsamburg chun 20 % den fheirmeoireacht orgánach a bhaint amach faoi 2025. Luaigh an Spáinn go bhféadfaí 20 % a bhaint amach faoi 2030 leis an treocht atá ann faoi láthair, gan é sin a leagan síos mar sprioc náisiúnta. Leag an Phortaingéil síos sprioc náisiúnta de 12 % don fheirmeoireacht orgánach faoi 2027 in 2017; ní dhearnadh an sprioc sin a nuashonrú. I gcás na hOstaire, d'úsáideamar sonraí 2020 le haghaidh sciar na feirmeoireachta orgánaí.

Foinse: CIE, bunaithe ar phleananna straitéiseacha CBT na mBallstát agus [staidreamh Eurostat 2022 maidir leis an bhfeirmeoireachta orgánach](#) (asbhainte ar an 25 Meitheamh 2024).

30 Maidir leis na pleananna gníomhaíochta náisiúnta, fuair amach gur príomhthoisic é an leibhéal aibíochta atá bainte amach cheana féin ag an earnáil orgánach agus an uailmhian náisiúnta don fheirmeoireacht orgánach á leagan síos sna Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu. Tá ról tábhachtach ag maoiniú náisiúnta breise freisin – féach *Bosca 1*.

Bosca 1

Tá spriocanna éagsúla ag baint leis an bhfeirmeoireacht orgánach sna Ballstáit a rinneadh iniúchóireacht orthu

Do 2027, leag an Iodáil agus an Ostair síos sprioc níos ísle ina bpleananna straitéiseacha CBT (11.9 % agus 23.7 % faoi seach), i gcomparáid lena spriocanna náisiúnta, (25 % agus 30 % faoi seach). Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an méadú breise ón margadh atá forbartha go maith cheana féin do tháirgí orgánacha san Ostair, agus ón margadh atá ag fás go tapa san Iodáil, chomh maith le maoiniú náisiúnta breise.

Leag an Rómáin agus an Pholainn síos sprioc CBT íseal (3.5 % agus 4.5 % faoi seach), in ainneoin leithdháileadh ard chistí an Aontais don fheirmeoireacht orgánach. Sa Rómáin, fuair amach go raibh sprioc CBT don fheirmeoireacht orgánach bainte amach cheana féin in 2021.

31 Chomh maith leis an limistéar orgánach a mhéadú, is féidir leis na Ballstáit tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt na hearnála orgánaí trí spriocanna náisiúnta eile a bhunú. Fuair amach samplaí den sórt sin i 16 Bhallstát. Mar shampla, roghnaigh roinnt Ballstát spriocanna maidir le táirgeadh orgánach (ocht mBallstát), tomhaltas orgánach trí lónadóireacht phoiblí (10 mBallstát) agus próiseáil táirgí orgánacha (ceithre Bhallstát). As na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, is ag an Ostair amháin a bhí sprioc bhreise: 55 % bia orgánach a bheith i gceaintíní faoi 2030.

Níor thug na Ballstáit aghaidh ach go páirteach ar riachtanais shonracha a n-earnála orgánaí nuair a bhí tacaíocht CBT á clársceidealú acu

32 Sna ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, ba é CBT an phríomhfhoinsé chistiúcháin le haghaidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le táirgeadh orgánach. I dtréimhse 2014-2022, rinne na Ballstáit a gcaiteachas CBT a chlársceidealú den chuid is mó trína gcláir forbartha tuaithe (CFT) náisiúnta nó réigiúnacha. Maidir leis na cláir forbartha tuaithe:

- o sainaitníodh riachtanais shonracha earnálacha talmhaíochta na mBallstát iontu;
- o leagadh amach iontu straitéisí le cuspóirí agus spriocanna, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe; agus
- o roghnaíodh bearta tacaíochta chun na spriocanna agus na cuspóirí sin a bhaint amach.

33 Fuair eamar amach go ndearna na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu riachtanais shonracha a n-earnála orgánaí a chomhtháthú ina CFTanna, agus ní raibh ach an méid seo a leanas i gceist:

- o níor shainaithin ach an Pholainn an gá sonracha atá leis an bhfeirmeoireacht orgánach a fhorbairt mar fhoirm inbhuanaithe talmhaíochta; agus
- o Ní dhearna ach an Iodáil (an tSicil) cuspóir a bhunú chun comhtháthú an táirgthe orgánaigh sa slabhra soláthair a chur chun cinn trí rochtain feirmeoirí orgánacha ar an margadh a fheabhsú, a seasamh sa luachshlabhra a neartú agus nuálaíocht san earnáil orgánach a chothú.

Bhain gach ceann de na ceithre Bhallstát úsáid as tacaíocht don fheirmeoireacht orgánach mar ionstraim chun dul i ngleic le riachtanais níos ginearálta a bhaineann le hacmhainní uisce, bithéagsúlacht, ithir a chaomhnú nó astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe.

34 Bhí sé de rogha ag na Ballstáit cláir fhothéamacha a áireamh ina gcláir forbartha tuaithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha i réimsí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo, nó in earnálacha talmhaíochta a bhfuil tionchar láidir acu ar fhorbairt na gceantar tuaithe. Fuair eamar amach nár chuir aon cheann de na 27 mBallstát clár fothéamach san áireamh ina CFTanna don fheirmeoireacht orgánach nó don earnáil orgánach.

35 Le CBT 2023-2027, tugadh trí rogha chistiúcháin do na Ballstáit chun tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach a chlársceidealú – féach **Fíor 10**. Ní bhfuaireamar aon athrú suntasach ar an gcaoi ar chláraigh na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu tacaíocht don fheirmeoireacht orgánach do thréimhse 2023-2027. Rinne an Iodáil tacaíocht a chomhtháthú freisin do ghlacadh cleachtas feirmeoireachta orgánaí in earnálacha sonracha (e.g. ola olóige, torthaí agus glasraí, agus prátaí). Mar sin féin, bhí sé róluath dúinn measúnú a dhéanamh ar thionchar na rogha maoiniúcháin breise sin ar an bhfeirmeoireacht orgánach a fhorbairt le haghaidh na mbarr sin.

Méadú ar an limistéar, ach is dúshlán fós é cuspóirí na feirmeoireachta orgánaí a chomhtháthú in CBT

36 Scrúdaíomar ar bhain na Ballstáit¹³ úsáid éifeachtach as tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach chun tacú le cuspóirí comhshaoil agus margaidh na feirmeoireachta orgánaí araon¹⁴. Sna Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu, bhíomar ag súil go bhfaighimis an méid seo a leanas:

- o gur thacaigh cistí CBT le cuspóir comhshaoil na feirmeoireachta orgánaí;
- o gur rannchuidigh cistí CBT le cuspóir margaidh na feirmeoireachta orgánaí;
- o gur bhain na Ballstáit úsáid as cistí CBT chun an earnáil orgánach a fhorbairt tuilleadh.

Chuidigh tacaíocht CBT leis an limistéar orgánach a mhéadú, ach níor ráthaíodh tairbhí comhshaoil i gcónaí

37 I dtréimhse 2014-2022, thacaigh CBT leis an bhfeirmeoireacht orgánach trí bheart sonracha sa bheartas forbartha tuaithe¹⁵ (dá dtagraítear sa tuarascáil seo mar ‘thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach’). I gcomparáid le tréimhse 2007-2013, rinneadh tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach a dheighilt ó ghealltanais agra-chomhshaoil eile chun béim a leagan ar an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann léi.


38 Deonaíodh tacaíocht faoin mbeart sin in aghaidh an heicteáir de thalamh talmhaíochta incháilithe le haghaidh gealltanais ilbhliantúla chun aistriú chuig cleachtais feirmeoireachta orgánaí nó iad a chothabháil, mar a shainmhínítear sa Rialachán Orgánach. Chuir gach Ballstát seachas an Ísiltír tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach san áireamh ina RDPanna, leis an nGearmáin, an Iodáil, an Fhrainc, an Ghréig agus an Spáinn ag leithdháileadh 62 % de bhuiséad iomlán CETFT dó – féach [Fíor 11](#).

¹³ Caibidil 7 de [Rialachán \(AE, Euratom\) 2018/1046](#).

¹⁴ Aithrisí 3 agus 4 de [Rialachán \(AE\) 2018/848](#).

¹⁵ Airteagal 29 de [Rialachán \(AE\) Uimh. 1305/2013](#).

Fíor 11 – Sheas cúig Bhallstát do 62 % de thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach in 2014-2022



* Gan aon tacaíocht CBT le haghaidh feirmeoireacht orgánach clársceidealaithe i dtréimhse CFT 2014-2022

Tabhair ar aire: Áirítear i mbuiséad CETFT an leithdháileadh airgeadais breise ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI), a chuirtear ar fáil do na Ballstáit don téarnamh ó COVID-19 do tréimhse 2021-2022.

Foinse: CIE, bunaithe ar na pleananna maoinithe sna cláir forbartha tuaithe amhail ón 31 Nollaig 2023.

39 In 2021, fuair 69 % den bheagnach 16 mhilliún heicteár de thalamh a shaothraítear go horgánach san Aontas tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach¹⁶. Tháinig méadú ar an sciar den limistéar a fhaigheann tacaíocht ó 3.2 % in 2014 go dtí 6.9 % in 2021¹⁷. Den chuid is mó, maoiníonn CBT an fheirmeoireacht orgánach chun talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú sa bheartas¹⁸. Tagann tairbhí comhshaoil an bhirt seo ó na rialacha a leagtar amach sa Rialachán Orgánach (féach *Fíor 1*).

40 Ceann de na cleachtais riachtanacha feirmeoireachta orgánaí is ea uainíocht barr, rud a chuireann le torthúlacht agus sláinte na hithreach, agus le rialú lotnaidí agus galar. Tríd an Rialachán Orgánach, tá sé éigeantach d'fheirmeoirí orgánacha uainíocht barr ilbhliantúil a chur chun feidhme agus léagúim agus barra aoiligh glasa eile a áireamh sa phlean uainíochta¹⁹. Ós rud é nach sainítear uainíocht barr sa Rialachán, is féidir leis na Ballstáit forálacha náisiúnta breise a bhunú maidir leis an gcaoi ar cheart an cleachtas sin a chur chun feidhme. As na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, is í an Iodáil amháin a bhí tar éis sainmhíniú den sórt sin a bhunú.

41 Bhí naonúr as na 26 fheirmeoir ar thugamar cuairt orthu sna ceithre Bhallstát ag saothrú an bhairr chéanna ar an dáileacht chéanna thar roinnt blianta ina dhiaidh a chéile, nó ní raibh léagúim ná barra aoiligh glasa eile á n-úsáid acu. I gcásanna áirithe, mar gheall ar an easpa uainíocht barr leormhaith, tháinig méadú ar úsáid ionchur seachtrach, amhail leasacháin orgánacha tráchtála agus lotnaidicídí, rud a théann i gcoinne an phrionsabail srian a chur ar úsáid ionchur den sórt sin san fheirmeoireacht orgánach.

¹⁶ Arna ríomh ag CIE bunaithe ar [shonraí Eurostat le haghaidh 2021](#), agus [Tairseach Sonraí AS AGRI](#).

¹⁷ Arna ríomh ag CIE bunaithe ar [Thairseach Sonraí AS AGRI](#).

¹⁸ Aithris 4 de [Rialachán \(AE\) 2018/848](#).

¹⁹ Airteagal 12(1) de [Rialachán \(CE\) 834/2007](#) agus Iarscríbhinn II (1.9 agus 1.10) a ghabhann le [Rialachán \(AE\) 2018/848](#).

42 I gcomhréir leis na rialacha maidir le beostoc orgánach, ní mór d'fheirmeoirí ardchaighdeáin leasa ainmhithe a chomhlíonadh. Áirítear leis na caighdeáin sin cosc a chur ar aon fhulaingt ainmhithe. Más gá, féadfaidh na Ballstáit údaruithe a dheonú d'fheirmeoirí lena gceadófar dóibh imeacht ó rialacha áirithe maidir le leas ainmhithe, ar choinníoll go gcoinnítear na díolúintí chomh híseal agus is féidir agus, i gcás inarb iomchuí, go mbíonn teorainn ama leo²⁰. Sa tréimhse faoi iniúcháireacht, fuair feirmeoirí orgánacha san Ostair, sa Pholainn agus san Iodáil tairbhe as údaruithe ginearálta maidir le leas ainmhithe ar an leibhéal náisiúnta ar feadh roinnt mhaith blianta as a chéile – féach **Bosca 2**. Bhí feirmeoirí a bhain úsáid as na húdaruithe incháilithe do thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach.

Bosca 2

Deonaíodh tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach gan na rialacha maidir le leas ainmhithe a urramú

Ag tosú in 2015, bhain feirmeoirí beostoic orgánacha san Ostair tairbhe as údaruithe ginearálta le haghaidh cleachtais bainistithe ainmhithe áirithe. Chiallaigh sé sin go raibh cead ag feirmeoirí adharca, eireabaill nó fiacla ainmhithe a bhaint, gan rochtain a thabhairt d'ainmhithe ar innilt i limistéir oscailte, agus eallach a chur ar teaghrán ar fheirmeacha beaga. Ag éirí as iniúchtaí in 2017 agus 2019, d'aisghabh an Coimisiún €16.4 milliún d'íocaíochtaí neamhdhlite CBT le feirmeoirí beostoic orgánacha toisc nár chloígh siad le rialacha leasa ainmhithe. Bhain an Ostair na húdaruithe ginearálta sin in 2021.

Fuair amach go bhfuil údarú ginearálta comhchosúil á dheonú ag an Iodáil (ó 2009) agus ag an bPolainn (ó 2015 i leith) le haghaidh ainmhithe a chur ar teaghrán ar fheirmeacha beaga. Tharraing an Pholainn an t-údarú sin siar in 2022, ach tá sé fós á chur i bhfeidhm ag an Iodáil.

Tá an Coimisiún freagrach as faireachán a dhéanamh ar a gcuireann na Ballstáit údaruithe san fheirmeoireacht orgánach chun feidhme. Mar sin féin, ní chuireann an Rialachán Orgánach de cheangal ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi údaruithe ginearálta chun ainmhithe a chur ar teaghrán ar fheirmeacha beaga nó chun ainmhithe a chiorrú. Mar sin, ní raibh an gCoimisiún ar an eolas faoi na cásanna sin.

²⁰ Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 834/2007.

43 Bunaítear leis an Rialachán Orgánach sraith prionsabal deonach don fheirmeoireacht orgánach, amhail eilimintí tírdhreacha a chaomhnú, úsáid fhreagrach acmhainní nádúrtha agus úsáid theoranta ionchur seachtrach. Is féidir leis na Ballstáit an tionchar dearfach ar an gcomhshaol a threisiú trí na prionsabail sin a chomhtháthú i dtacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach (féach [Fíor 1](#)). Sna ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, fuaireamar gurb annamh a chomhtháthaítear prionsabail na feirmeoireachta orgánaí leis an mbeart. Thugamar ar aire, áfach, dhá shampla de dhea-chleachtais san Ostair agus sa Pholainn – féach [Bosca 3](#).

Bosca 3

Samplaí d'fhorálacha comhshaoil breise a áirítear i dtacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach

D'úsáid an Ostair cuid den bhuiséad don bheart chun íoc as na feirmeoirí orgánacha a chaomhnaigh féarthailte buana agus eilimintí tírdhreacha go deonach ar a bhfeirmeacha.

Bhí caomhnú na n-eilimintí féarthalún agus tírdhreacha mar choinníoll sa Pholainn do gach feirmeoir orgánach chun tacaíocht airgeadais a fháil.

Níor áirithigh na Ballstáit i gcónaí go mbeadh táirgeadh orgánach mar thoradh ar thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach

44 De réir an Rialacháin Orgánaigh, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an bhfeirmeoireacht orgánach réimse leathan bianna a tháirgeadh a fhreagraíonn d'éileamh na dtomhaltóirí ar earraí a tháirgtear ar bhealach nach ndéanann dochar don chomhshaol, do shláinte an duine, do shláinte plandaí ná do shláinte agus leas ainmhithe²¹. I dtréimhse 2014-2022, bhí sé i gceist le tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach feirmeoirí a chúiteamh as na costais bhreise agus as an ioncam a cailleadh mar gheall ar aistriú ón bhfeirmeoireacht thraidisiúnta go dtí an fheirmeoireacht orgánach. Ní raibh sé de cheangal ar fheirmeoirí orgánacha aon táirge orgánach a tháirgeadh chun an tacaíocht sin a fháil.

²¹ Aithris 1 agus Airteagal 3 de [Rialachán \(CE\) Uimh. 834/2007](#).

45 Chun an fhéidearthacht tacaíocht a thabhairt do limistéir neamhtháirgiúla a sheachaint, d’iarr an Ostair, an Pholainn agus an Iodáil ar fheirmeoirí aschur a tháirgeadh ó na dáileachtaí a fuair tacaíocht, e.g. chun a mbarra a bhaint nó a bhféar a úsáid chun ainmhithe a bheathú. Sa Pholainn, b’ionann an ceanglas sin agus méadú ar an táirgeadh orgánach – féach **Bosca 4**. Ó 2023 i leith, tá feirmeoirí san Iodáil (an tSicil) a dhíolann a dtáirgeadh mar tháirgeadh orgánach ina bhfaighteoirí tosaíochta de thacaíocht ón Aontas.

Bosca 4

Chuidigh athrú sna dálaí chun tacaíocht CBT a fháil don fheirmeoireacht orgánach le táirgeadh orgánach a mhéadú sa Pholainn


















Ina CFT 2014-2022, thug an Pholainn ceanglas isteach d’fheirmeoirí a bhaineann tairbhe as tacaíocht CBT chun earraí talmhaíochta a tháirgeadh ar na dáileachtaí tiomanta (e.g. an féar a úsáid chun ainmhithe a bheathú nó a dhíol, torthaí úlloird a bhaint). Mar thoradh ar an bpríomhathrú sin ar na coinníollacha incháilitheachta, tháinig laghdú ar an limistéar orgánach idir 2015 agus 2019. Ag an am céanna, lean táirgeadh orgánach ag méadú. Ó 2021 i leith, tá fás suntasach tagtha ar an bPolainn ó thaobh an limistéir orgánaigh agus an táirgthe orgánaigh araon.

46 In 2020, bhí beagnach 60 % de limistéar orgánach an Aontais clúdaithe le féarthailte buana agus farae buan. Mar sin féin, tá beostoc orgánach fós ina mhargadh nideoige san Aontas. In 2020, ní raibh ach 6 % den eallach ar fad san Aontas ina eallach orgánach, agus sheas éanlaith chlóis orgánach agus muca orgánacha do 3.6 % agus 1 % faoi seach den daonra iomlán²². Ós rud é go bhfuil tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach limistéarbhunaithe, is é an margadh an phríomhdhreasacht i gcónaí d’fheirmeoirí beostoic a gcuid ainmhithe a aistriú chuig an bhfeirmeoireacht orgánach.

47 Sa Rómáin, fuaireamar, cé go raibh níos mó ná dúbailt ar an limistéar atá cumhdaithe le féarthalamh orgánach agus farae orgánach i dtréimhse 2014-2021, gur tháinig laghdú 75 % ar líon na n-ainmhithe orgánacha innilte. Thacaigh an beart feirmeoireachta orgánaí le beagnach 100 % de na féarthailte orgánacha sa Rómáin gan aon dreasacht do bheostoc orgánach. Os a choinne sin, chuir an Iodáil agus an Ostair dreasachtaí den sórt sin san áireamh sa bheart seo – féach **Fíor 12**.

²² An Coimisiún, Achoimre ar an margadh talmhaíochta ‘Feirmeoireacht orgánach san Aontas Eorpach – deich mbliana fáis’, lch. 6, Eanáir 2023.

Fíor 12 – Dreasachtaí do bheostoc orgánach i dtacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach

	FÉARTHALAMH	FARAE	
 traidisiúnta  orgánach	 íocaíocht d'fhéarthailte agus d'fharae níos mó ná trí huaire níos airde d'fheirmeoirí a bhfuil ainmhithe orgánacha acu	 	An OSTAIR
 	 féarthalamh íoctha le feirmeoirí a bhfuil ainmhithe orgánacha acu agus iadsan amháin 	 dhá uair níos mó i gcás farae d'fheirmeoirí a bhfuil ainmhithe orgánacha acu 	AN IODÁIL An tSicil
 	 féarthalamh íoctha le feirmeoirí a bhfuil ainmhithe orgánacha acu agus iadsan amháin 	 30% níos mó d'fharae d'fheirmeoirí a bhfuil ainmhithe orgánacha acu* 	AN IODÁIL Campania

*In Campania, bhí an dreasacht sin teoranta d'eallach agus buabhail, sa chéad 2 bhliain ón tiontú go feirmeoireacht orgánach

Foinse: CIE, bunaithe ar CFTanna.

48 Tá sé d'oireagáid ar fheirmeoirí orgánacha síolta orgánacha a úsáid nuair a bhíonn a mbarra á bplandáil acu²³. Nuair nach bhfuil síolta orgánacha ar fáil ar an margadh, is féidir le feirmeoirí maolú a iarraidh chun síolta neamhorgánacha a úsáid²⁴. I staidéar a fuair maoiniú ón Aontas in 2021²⁵, measadh go gceannaíonn feirmeoirí orgánacha an Aontais idir 23 % (i gcás coirce) agus 75 % (i gcás cairéad) dá síolta mar shíolta neamhorgánacha.

²³ Airteagal 12(1i) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 agus Iarscríbhinn II (1.8.1) de Rialachán (AE) 2018/848.

²⁴ Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 agus Iarscríbhinn II (1.8.5.1) de Rialachán (AE) 2018/848.

²⁵ Tionscadal LIVESEED, 'Staid na síolta orgánacha san Eoraip', Ich. 23, 2021.

49 Is féidir leis an éileamh ar shíolta orgánacha dreasacht eacnamaíoch bhreise a chur ar fáil d'fheirmeoirí orgánacha chun iad a tháirgeadh. Mar sin féin, i ngach ceann de na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, fuaireamar amach gur gnáthchleachtas é maoluithe a fháil maidir le síolta neamhorgánacha a úsáid. Sa tréimhse faoi iniúchóireacht sna ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, tháinig méadú ar líon na maoluithe go comhréireach i gcoitinne leis an talamh a shaothraítear go horgánach.

50 Cé go bhfuil sé éigeantach do na Ballstáit ó 2009²⁶ i leith bunachar sonraí a bhunú ina liostaítear na cineálacha éagsúla síolta orgánacha atá ar fáil in gcríoch, níl sé de cheangal ar soláthróirí síolta na sonraí sin a chur ar fáil. Sa Rómáin agus san Iodáil, fuaireamar amach go raibh na bunachair sonraí sin as dáta, statach, nó nach raibh ach fíorbheagán iontrálacha iontu.

51 Ó 2009 i leith, tá na Ballstáit tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas gach bliain maidir le húsáid gnáthshíolta san fheirmeoireacht orgánach, lena n-áirítear na cineálacha barr agus na cainníochtaí a theastaíonn ó fheirmeoirí. De réir an Choimisiúin, baineadh úsáid as an bhfaisnéis sin chun cistí taighde an Aontais a chlársceidealú ar bhealach níos fearr chun infhaighteacht síolta orgánacha a fheabhsú. Sa staidéar céanna a chistigh an tAontas in 2021²⁷ (féach mír **48**) rinneadh suirbhé freisin ar 839 bhfeirmeoir ar fud 17 mBallstát agus fuarthas amach go raibh infhaighteacht síolta orgánacha arna n-oiriúnú go háitiúil fós ina saincheist do 60 % d'fheirmeoirí.

Níor dhírigh na Ballstáit ar chistiú CBT sách maith chun an earnáil orgánach a fhorbairt a thuilleadh

52 Is féidir le margadh dea-fhorbartha do tháirgí orgánacha luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí orgánacha trí phréimh phraghais bhreise. I [meastóireacht 2021 an Choimisiúin ar thionchar CBT ar acmhainní nádúrtha](#), tugadh chun suntais go n-athraíonn feirmeoirí go feirmeoireacht orgánach den chuid is mó mar gheall ar na peirspictíochtaí eacnamaíocha a chuireann an margadh ar fáil seachas breithnithe comhshaoil.

²⁶ Airteagal 48 de Rialachán (CE) Uimh. 889/2008.

²⁷ Tionscadal LIVESEED, 'Staid na síolta orgánacha san Eoraip', lch. 23, 2021.


53 Ó 2014 i leith, mhol an Coimisiún do na Ballstáit úsáid a bhaint as bearta tacaíochta CBT²⁸ eile ina gclár forbartha tuaithe, chun forbairt fhoriomlán na hearnála orgánaí a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, tionchar thacaíocht an Aontais don fheirmeoireacht orgánach a mhéadú. Mar sin féin, is beag treoraíocht a thug sé maidir le conas é sin a dhéanamh. Níor cuireadh grúpa téamach CBT ar bun go dtí 2022 chun dea-chleachtais a mhalartú idir na Ballstáit maidir le conas cistí CBT a úsáid chun seasamh feirmeoirí orgánacha sa luachshlabhra a neartú²⁹.

54 Ina CFTanna 2014-2022, bhí na Ballstáit in ann tacú leis an earnáil orgánach trí roinnt beart CETFT a úsáid – féach **Fíor 13**. Fuaireamar amach gur bhunaigh gach ceann de na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu forálacha d’fheirmeoirí orgánacha nó don earnáil orgánach trí bhearta CBT nach tacaíocht don fheirmeoireacht orgánach iad. Mar sin féin, ní raibh siad in ann a rá ar thug na forálacha sin buntáiste d’oibreoirí orgánacha maidir le rochtain a fháil ar thacaíocht airgeadais. Ní dhearna na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu faireachán ná measúnú ar thionchar an mhaoinithe a cuireadh ar fáil don earnáil orgánach ó na bearta sin.

²⁸ Treoraíocht ón gCoimisiún do na Ballstáit maidir le tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach.

²⁹ Líonra Eorpach CBT, [Seasamh feirmeoirí i slabhra soláthair an bhia orgánaigh a neartú](#).

Fíor 13 – Bhí bearta forbartha tuaithe eile ar fáil chun tacú leis an earnáil orgánach



Foinse: CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

55 Chuir gach ceann de na ceithre Bhallstát in iúl gur gá cabhrú le feirmeoirí orgánacha eolas a fhorbairt, trí oiliúint shonrach, trí sheirbhísí comhairleacha nó trí fheirmeacha taispeántais. Bheartaigh an Rómáin agus an Pholainn araon glaonna sonracha a dhíriú ar fheirmeoirí orgánacha maidir leis na bearta sin ina CFTanna. Mar sin féin, níor thairbhígh aon fheirmeoir orgánach sa Rómáin d’oiliúint shonrach ná de sheirbhísí comhairleacha den sórt sin, toisc nár thug aon oiliúinóirí ná comhairleoirí freagra ar an nglao foilsithe ar thograí. Níor thosaigh an Pholainn ag úsáid an dá bheart go dtí 2022.

56 I dtuarascáil mheastóireachta ó 2014 ar reachtaíocht an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach, cuireadh i dtábhacht go bhfuil ‘acmhainneacht shoiléir ann maidir le tairbhí socheacnamaíocha más féidir an fhorbairt orgánach a dhíriú ar fheirmeacha beaga i limistéir thuaithe faoi mhíbhuntáiste’. Mar sin féin, tá bacainní roimh fheirmeoirí beaga maidir le tiontú go horgánach, amhail ualach airgeadais na gcostas deimhniúcháin agus cigireachta agus an t-ualach riaracháin maidir le taifid mhionsonraithe a choinneáil mar a cheanglaítear leis an Rialachán Orgánach³⁰. Tá meánmhéid na bhfeirmeacha orgánacha san Aontas (41 ha) 2.5 uair níos mó ná meánmhéid na ngnáthfheirmeacha (16 ha)³¹.

57 Chun cabhrú le feirmeoirí beaga na bacainní sin a shárú, roghnaigh an Ostair, an Iodáil agus an Pholainn na costais chigireachta agus deimhniúcháin a íoc don chéad 5 bliana den fheirmeoireacht orgánach trí thacaíocht a thabhairt do scéimeanna cáilíochta. Sa Rómáin, measadh na costais sin a bheith ina gcostais idirbheart agus áiríodh iad i dtacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach. Chun feirmeacha beaga a spreagadh chun aistriú go dtí feirmeoireacht orgánach, laghdaigh an Pholainn tacaíocht CBT le haghaidh feirmeoireachta orgánach d’feirmeacha níos mó ná 50 heictéar faoi suas le 60 %. Ní raibh an tionchar a rabhthas ag súil leis ar fheirmeacha níos lú ann mar thoradh ar íocaíochtaí a laghdú d’fheirmeacha níos mó.

58 Ó 2022 i leith, leis an Rialachán Orgánach³², ceadáíodh d’fheirmeoirí beaga grúpdheimhniúchán a roghnú chun a gcostais a laghdú. D’ainneoin an líon mór feirmeoirí beaga, go háirithe sa Pholainn agus sa Rómáin, níor bhain aon cheann de na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúcháireacht orthu leas as an bhféidearthacht sin. Ní bhaineann feirmeoirí úsáid as rogha an ghrúpdheimhniúcháin, go príomha mar gheall ar a stádas dlíthiúil agus sainmhínte doiléire³³.

³⁰ An Coimisiún, Measúnú tionchair don Togra le haghaidh Rialachán maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, [SWD\(2014\) 65](#), 2014.

³¹ An Coimisiún, Achoimre ar an Margadh Talmhaíochta ‘[Feirmeoireacht Orgánach san Aontas](#)’, 2023.

³² Airteagal 36 de [Rialachán \(AE\) 2018/848](#).

³³ [Ceisteanna Coitianta maidir leis an Rialachán Orgánach](#).

59 D'fhéadfadh na Ballstáit tuilleadh cabhrach a sholáthar d'fheirmeoirí orgánacha trí thacaíocht airgeadais CBT a thabhairt dóibh chun a bhfeirmeacha a nuachóiriú, saoráidí stórála a thógáil nó innealra atá curtha in oiriúint don fheirmeoireacht orgánach a cheannach. Níor sheol aon cheann de na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu glaonna sonracha ar oibreoirí orgánacha sa bheart le haghaidh infheistíochtaí. Mar sin féin, thug siad go léir rochtain fhabhrach d'fheirmeoirí orgánacha ar chistiú le torthaí éagsúla, mar a léirítear i *mBosca 5*. Thug na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu pointí breise freisin do na tionscadail sin a chuir comhar idir feirmeoirí orgánacha chun cinn, a d'fhorbair próiseáil táirgí orgánacha nó a chuir slabhraí gearra soláthair orgánacha ar bun.

Bosca 5

Bhí torthaí éagsúla ar rochtain fhabhrach d'fheirmeoirí orgánacha ar thacaíocht infheistíochta

Thug an Ostair agus an Rómáin ráta cómhaoinithe méadaithe – de 5 % agus 20 % faoi seach – d'fheirmeoirí orgánacha chun infheistíocht a dhéanamh ina bhfeirmeacha. Ní raibh a fhios ag na húdaráis cén tionchar a bhí aige sin ar fheirmeoirí orgánacha. Sa Rómáin, thairbhígh catagóirí eile feirmeoirí den ráta cómhaoinithe méadaithe, rud a chaolaigh an dreasacht chun tiontú go feirmeoireacht orgánach a spreagadh tuilleadh.

Sa Pholainn, d'eisiaigh tacaíocht chun feirmeacha a nuachóiriú aon infheistíocht i réimse phórú na héanlaithe clóis, mura raibh an táirgeadh orgánach cheana féin nó mura ndéanfaí an táirgeadh a thiontú go táirgeadh orgánach. Idir 2014 agus 2022, tháinig méadú faoi thrí ar dhaonra na n-éanlaithe orgánacha.

Thug an Iodáil (an tSicil) pointí breise d'fheirmeoirí orgánacha nuair a bhí tionscadail á roghnú aici le haghaidh tacaíocht ón Aontas chun infheistíocht a dhéanamh ina bhfeirmeacha. Mar gheall ar chistí a bheith ar fáil, áfach, fuair gach iarratas incháilithe cistiú, rud a d'fhág nach raibh aon bhuntáiste ann d'fheirmeoirí orgánacha.

Cuireann srianta sonraí teorainn le ceapadh fóna beartais don earnáil orgánach

60 Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit córas faireacháin agus meastóireachta iomchuí agus iontaofa a bhunú do chaiteachas CBT ar an bhfeirmeoireacht orgánach³⁴, agus a áirithiú go mbeidh sonraí leormhaithe ar fáil maidir leis an earnáil orgánach chun tacú leis an bpróiseas ceaptha beartas³⁵. Bhíomar ag súil leis an méid seo a leanas a fháil amach:

- o gur cuireadh faisnéis iomchuí ar fáil leis an gcreat faireacháin agus meastóireachta a cuireadh i bhfeidhm maidir le torthaí thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach agus maidir leis an tionchar a bhí aici ar chuspóirí CBT a bhaint amach;
- o gur úsáid an Coimisiún foinsí sonraí eile a bhí ar fáil chun an creat faireacháin agus meastóireachta a chomhlánú; agus
- o gur áirithigh an Coimisiún infhaighteacht agus ábharthacht sonraí maidir leis an earnáil orgánach chun tacú leis an bpróiseas ceaptha beartas.

Ní féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach

61 Ba é an aidhm a bhí le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don fheirmeoireacht orgánach rannchuidiú³⁶ le cuspóir ginearálta CBT acmhainní nádúrtha agus aeráid an Aontais a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- o tairbhí comhshaoil a sholáthar; agus
- o rannchuidiú go hindíreach le hioncam feirmeoirí a mhéadú, ionchais tomhaltóirí a chomhlíonadh agus éagsúlacht talmhaíochta a chothabháil.






³⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 834/2014 agus Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún.

³⁵ Aithris 36 de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

³⁶ Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe, 'Lámhleabhar teicniúil maidir le creat faireacháin agus meastóireachta chomhbheartas talmhaíochta 2014-2020', 2017, lch. 14.

62 Chun a thomhas an mbaineann tacaíocht d'fheirmeoireacht orgánach na cuspóirí sin amach, bhain an Coimisiún úsáid as comhcreat faireacháin agus meastóireachta CBT³⁷ (CCFM). Taispeántar i **bhFíor 14** na táscairí feirmeoireachta orgánaí in CCFM.

Fíor 14 – Táscairí don fheirmeoireacht orgánach faoi CBT 2014-2022

Aschur	Toradh	Comhthéacs
 Caiteachas poiblí iomlán	 <i>Níl aon táscaire toraidh ann</i>	 An limistéar talmhaíochta iomlán faoi fheirmeoireacht orgánach
 An líon feirmeacha/feirmeoirí a fhaigheann tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach		
 An limistéar talmhaíochta iomlán a fhaigheann tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach		

Foinse: CIE, bunaithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 834/2014 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014.

63 Ní raibh táscaire toraidh le haghaidh tacaíocht don fheirmeoireacht orgánach san áireamh in CCFM. Cuireann na trí tháscaire aschuir faisnéis ar fáil maidir leis an gcaoi ar úsáideadh an tacaíocht airgeadais (i.e., an méid airgid a caitheadh, an líon feirmeoirí orgánacha agus an méid heicteár) ach ní chuireann siad faisnéis ar fáil maidir le tionchar na tacaíochta ná a rannchuidiú le cuspóirí CBT.


64 Is féidir leis na Ballstáit táscairí breise a fhorbairt chun éifeachtaí a gclár forbartha tuaithe a thomhas. Fuair eamar nach raibh baint ag aon cheann de na táscairí breise sin leis an bhfeirmeoireacht orgánach. Mar sin féin, bhailigh an dá réigiún Iodálacha ar thugamar cuairt orthu don iniúchadh seo faisnéis bhreise maidir le feirmeoireacht orgánach chun measúnú a dhéanamh ar a tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid – féach **Bosca 6**.

³⁷ Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 834/2014 agus Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún.

Bosca 6

Bailíonn réigiún na hIodáile faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar thionchar thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach ar an gcomhshaol agus ar an aeráid

Chuir Campania creat faireacháin sonracha i bhfeidhm le haghaidh tacaíocht CBT maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach, lena dtuairiscítear go bliantúil ar charbón agus níotráití san ithir, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an riosca maidir le creimeadh ithreach.



Sa tSicil, ní mór d'fheirmeoirí orgánacha a fhaigheann tacaíocht ón mbeart seo an méid seo a leanas a thíolacadh:

- tuarascáil theicniúil arna deimhniú ag agranamaí ina bhfuil faisnéis mhionsonraithe faoin bhfeirm, lena n-áirítear gnéithe tírdhreacha, acmhainní uisce agus limistéir faoi chosaint a bheith ann;
- anailís húmais lena soláthraítear faisnéis maidir le sláinte agus torthúlacht na hithreach, atá le hathdhéanamh ag deireadh an ghealltanais chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht cleachtas feirmeoireachta orgánaí don ithir.

Fuaireamar amach, áfach, nár úsáid an t-údarás réigiúnach an fhaisnéis a bailíodh.

65 Do thréimhse 2023-2027, cuireadh an creat faireacháin agus meastóireachta feidhmíochta (CFMF) in ionad CCFM. Coimeádadh na táscairí aschuir agus chuir an Coimisiún táscaire toraidh isteach: an sciar den limistéar orgánach a fhaigheann tacaíocht airgeadais CBT don fheirmeoireacht orgánach. Mar a tugadh faoi deara i [dTuairim 7/2018](#) uainn, is léiriú é an táscaire toraidh seo ar an aschur, gan éifeachtaí na tacaíochta don fheirmeoireacht orgánach a thomhas. Mar fheabhas air sin, rianaíonn CFMF na cistí CBT a íoctar le feirmeoirí orgánacha³⁸.

66 Chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na mbeart forbartha tuaithe ó thaobh cuspóirí CBT a bhaint amach, déanann na Ballstáit agus an Coimisiún meastóireachtaí freisin. In 2019 rinne na Ballstáit meastóireacht mheántéarmach ar a CFTanna. Níor chuir aon cheann de na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu faisnéis san áireamh maidir leis an méid a rannchuidigh tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach leis na cuspóirí a leagtar amach ina CFTanna. In 2021, rinne an Coimisiún dhá mheastóireacht freisin ar thionchar CBT ar an [athrú aeráide](#) agus ar [acmhainní nádúrtha](#). Luadh sa dá mheastóireacht nach bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar rannchuidiú díreach beart sonrach le cuspóirí CBT a ghnóthú.

Níl uirlisí an Aontais atá ann cheana oiriúnach chun anailís a dhéanamh ar thionchar na feirmeoireachta orgánaí

67 Chun anailís a dhéanamh ar thionchar thacaíocht airgeadais an Aontais don fheirmeoireacht orgánach ar na cuspóirí a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, baineann an Coimisiún úsáid go príomha as sonraí eacnamaíochta maidir le feirmeacha orgánacha ón Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme (LSCF)³⁹. Cuireann LSCF sonraí ar fáil maidir le hioncam de réir feirme agus oibrí, déine saothair, agus costas leasachán, lotnaidicídí agus táirgí tréidliachta.

³⁸ Iarscríbhinn IV, pointe 4(i) a ghabhann le [Rialachán Cur Chun Feidhme \(AE\) 2022/1475 ón gCoimisiún](#).

³⁹ JRC, 'Anailís a dhéanamh ar Fhéidearthacht Modhanna Frithfhíorasacha chun Éifeachtaí Comhshaoil CBT a Mheas', 2023.

68 As na 80 000 feirm a áirítear sa bhunachar sonraí, tá 10 % díobh orgánach. Tá na feirmeacha sin dáilte go míchothrom ar fud na mBallstát agus níl siad ionadaíoch⁴⁰. Is teorannú é sin ar LSCF a úsáid chun anailís a dhéanamh ar thionchar na feirmeoireachta orgánaí. I Samhain 2023, cuireadh an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (LSIF)⁴¹, nach bhfuil ag feidhmiú go fóill, in ionad LSCF.

69 Áirítear i bplean gníomhaíochta orgánach 2021 an Aontais gníomhaíocht chun sonraí a bhailiú go leanúnach faoi na tairbhí comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht orgánach ag tosú in 2022. Baileoidh LSIF sonraí comhshaoil agus sóisialta ó fheirmeacha an Aontais, sa bhreis ar na sonraí eacnamaíochta a bailíodh cheana féin. Mar sin féin, níl aghaidh tugtha ag an gCoimisiún do dtí seo ar an teorainn maidir le feirmeacha orgánacha, in LSCF ná in LSIF.

70 De réir an Choimisiúin, d'fhéadfaí sonraí comhshaoil in FSDN a chomhlánú trí úsáid a bhaint as modúl ithreach an tSuirbhé fráma limistéir ar chumhdach agus ar úsáid talún (ithir LUCAS). Cuirtear eolas ar fáil sa mhodúl sin maidir le díghrádú ithreach, creimeadh ithreach, balcadh ithreach, truailliú ithreach, athruithe ar leibhéal an charbóin orgánaigh san ithir, agus bithéagsúlacht. Mar sin féin, ní shainaitníonn an uirlis cé na samplaí a thagann ó ithir a shaothraítear go horgánach.

71 Tá an fhaisnéis sin ar fáil sna Ballstáit, sna córais faisnéise a úsáidtear chun dáileachtaí talmhaíochta a aimsiú agus íocaíochtaí CBT le feirmeoirí a phróiseáil. In 2023, ní raibh ach leath de na Ballstáit ag tabhairt páirt-rochtain ar an bhfaisnéis sin don Choimisiún, ar chúiseanna rúndachta den chuid is mó.

⁴⁰ Coimisiún, Achoimre ar an margadh talmhaíochta 'Feirmeoireacht orgánach san Aontas Eorpach – deich mbliana fáis', Eanáir 2023, lch. 9.

⁴¹ Rialachán (AE) 2023/2674.

Níos lú athróga staidrimh bailithe maidir leis an earnáil orgánach

72 Tá sonraí staidrimh maidir leis an earnáil orgánach ríthábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar bheartas an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach, agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn phleananna gníomhaíochta an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach⁴². Ó 2008 i leith, tá ar gach Ballstát⁴³ sonraí mionsonraithe a sheoladh chuig an gCoimisiún gach bliain maidir leis an talamh a shaothraítear go horgánach, maidir le táirgeadh barr orgánach agus ainmhithe orgánacha, maidir leis an mbeostoc orgánach, agus maidir le líon na n-oibreoirí orgánacha.

73 In 2022, nuair a tháinig an Rialachán Orgánach reatha i bhfeidhm, cuireadh deireadh leis an oibleagáid sin agus bhí bailiú sonraí staidrimh don earnáil orgánach deonach do na Ballstáit. Go dtí seo, níor chomhaontaigh ach ocht mBallstát⁴⁴ go foirmiúil leanúint de shonraí maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach a sheoladh chuig an gCoimisiún⁴⁵. Mar thoradh air sin, mar gheall ar shonraí a bheith ar iarraidh ó na Ballstáit, ní dhéantar figiúirí comhiomlánacha AE a ríomh a thuilleadh le haghaidh 2021 agus 2022, lena n-áirítear iad sin do thalamh a shaothraítear go horgánach.

74 Ó 2026 ar aghaidh, beidh sé éigeantach arís do na Ballstáit go léir staidreamh maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach a sheoladh. Baileofar sonraí, in éineacht le staidreamh talmhaíochta eile, tríd an [Rialachán maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta](#), ar a dtugtar Rialachán SAIO. De réir an Choimisiúin, cuirfidh sé sin dearbhú cáilíochta níos fearr ar fáil ós rud é go mbeidh ar gach Ballstát comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a áirithiú go córasach idir sonraí maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach agus sonraí talmhaíochta eile.

75 Mar fheabhsúchán, le Rialachán SAIO, baileofar sonraí nua maidir leis an méid talún a shaothraítear go horgánach a chóireáiltear le lotnaidicídí agus maidir leis an gcainníocht a úsáidtear. I gcomparáid leis an Rialachán Orgánach, ceanglóidh Rialachán SAOI níos lú athróga staidrimh maidir le feirmeoireacht orgánach – féach [Fíor 15](#). Mar

⁴² Aithris (20) de [Rialachán \(AE\) 2022/2379](#).

⁴³ Airteagal 36 de [Rialachán \(CE\) Uimh. 834/2007](#), agus Airteagal 93 de [Rialachán \(CE\) Uimh. 889/2008](#) ón gCoimisiún.


















⁴⁴ An Spáinn, an Fhionlainn, an Iodáil, an Liotuáin, an Laitvia, Málta, an tSualainn agus an tSlóvaic.

⁴⁵ [Comhaontú CSE](#) maidir le staidreamh orgánach, an 12 Feabhra 2020.

thoradh air sin, tá an méid sonraí a bailíodh don earnáil orgánach in 2022 laghdaithe cheana féin ag an gCoimisiún.

Fíor 15 – Ó 2022 i leith, tá níos lú sonraí bailithe maidir le feirmeoireacht orgánach agus táirgeadh orgánach

■ = líon na n-athróg staidrimh a bailíodh

Sonraí a bailíodh	2009-2021 tríd an Rialachán Orgánach	2022-2025 trí chomhaontú deonach	2026 ar aghaidh trí Rialachán SAIO	Ní bhaileofar sonraí trí Rialachán SAOI a thuilleadh ó 2026 ar aghaidh
Oibreoirí orgánacha	17 	17 		mar shampla, táirgeoirí orgánacha, próiseálaithe (de réir tionscail), allmhaireoirí agus onnmhaireoirí
Limistéar barr atá á thiontú go feirmeoireacht orgánach	+70 	3 	4 	ach amháin an limistéar talmhaíochta, talamh arúil, barra buana agus féarthailte buana
Limistéar barr atá tiontaithe go hiomlán go feirmeoireacht orgánach	+70 	70 	55 	mar shampla, sonraí maidir le barra faoi thithe gloine agus faoi thalamh branair
Táirgeadh barr orgánach	60 	60 	50 	mar shampla, sonraí maidir le cruithneacht agus speilt, barra tirime agus próitéine, barra frímhe, olashíolta, barra snáithín, tobac agus leannlusanna
Beostoc orgánach	20 	7 	7 	mar shampla, sonraí maidir le capaill, coiníní, éanlaith chlóis seachas béaróga, agus coirceoga beach
Táirgeadh ainmhithe orgánacha	20 	20 	15 	mar shampla, sonraí maidir le héanlaith chlóis seachas sícíní, bainne buabhaill agus mil

Foinse: CIE, bunaithe ar cheistneoirí Eurostat agus ar ghníomhartha cur chun feidhme Rialachán SAIO.

76 Tá gá le hearnáil orgánach an Aontais⁴⁶ le fada an lá chun feabhas a chur ar fhaisnéis mhargaidh do táirgí bia orgánaigh. Ach tá costas breise i gceist le tuilleadh sonraí a bhailiú, do na Ballstáit agus don Choimisiún. In 2021, thosaigh an Coimisiún ag foilsiú sonraí míosúla maidir le [praghsanna táirgí bia orgánaigh](#) chun na staitisticí a bailíodh cheana a chomhlánú⁴⁷. Cé gur céim sa treo ceart é sin, tá saincheisteanna tábhachtacha cáilíochta ag baint leis na sonraí (i.e. níl siad inchomparáide ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, bailítear praghsanna ag céimeanna éagsúla den bhiashlabhra, agus tá méideanna suntasacha sonraí in easnamh).

77 Is féidir leis na Ballstáit sonraí margaidh náisiúnta breise a bhailiú freisin le haghaidh táirgí orgánacha. Le linn ár gcuartheanna iniúchóireachta ar na Ballstáit, fuair amach gur leag an Iodáil agus an Rómáin béim ina bpleananna gníomhaíochta maidir le táirgeadh orgánach ar an ngá atá le trédhearcacht an mhargaidh a fheabhsú trí shonraí níos fearr maidir le tomhaltas náisiúnta agus gluaiseachtaí earraí orgánacha laistigh den Aontas. Mar sin féin, ní raibh aon ghníomhaíocht déanta acu go fóill ar an bpointe sin. San Ostair, ceannaíonn na húdaráis sonraí margaidh intíre mionsonraithe ó sholáthraithe sonraí príobháideacha. Sa Danmhairg, bailítear sonraí margaidh mionsonraithe tríd an oifig staidrimh náisiúnta – féach [Bosca 7](#).

Bosca 7

Bailíonn an Danmhairg sonraí margaidh mionsonraithe le haghaidh na hearnála orgánaí

Bailíonn agus foilsíonn an Danmhairg sonraí margaidh bliantúla don earnáil orgánach trína hoifig staidrimh náisiúnta. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar mhiondóltóirí Danmhargacha faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na nithe seo a leanas:

- táirgí orgánacha a dhíol ar an margadh intíre agus le gach tír lasmuigh den Danmhairg, agus na bealaí díolacháin a úsáidtear;
- táirgí orgánacha a cheannach ó bhallstáit eile nó ó lasmuigh den Aontas; agus
- an láimhdeachas agus an sciar den mhargadh de réir an ghrúpa táirgí.

⁴⁶ Pleananna gníomhaíochta an Aontais maidir le táirgeadh orgánach.

⁴⁷ Ó 2021 i leith, bhí ar na Ballstáit na praghsanna míosúla ar shraith táirgí orgánacha a chur in iúl don Choimisiún ([Rialachán \(AE\) 2019/1746](#) lena modhnaítear Rialachán 2017/1185 – Iarscríbhinn II).

Conclúidí agus moltaí

78 Ar an iomlán, tháingamar ar an gconclúid go raibh bearnaí i mbeartais an Aontais agus i mbeartais náisiúnta don earnáil orgánach. Úsáideadh cistí CBT chun an limistéar talmhaíochta d'fheirmeoireacht orgánach a mhéadú, gan na cuspóirí comhshaoil agus margaidh a leagtar amach i mbeartas an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach a chur san áireamh go leordhóthanach. Ar deireadh, ní fhéadfaí tionchar an bheartais a mheas mar gheall ar shrianta sonraí.

79 Fuaireamar go lagaítear creat straitéiseach an Aontais mar gheall ar bhearnaí i mbeartas an Aontais maidir leis an earnáil orgánach. Baineann an Coimisiún úsáid as pleananna gníomhaíochta chun forbairt na hearnála a stiúradh. Cé gur feabhas é plean gníomhaíochta 2021-2027 ar an bplean a bhí ann roimhe seo, níl spriocanna inchainníochtaithe, ná aon mhodhanna chun dul chun cinn a thomhas, san áireamh fós sna trí phríomhchuspóir atá aige. Maidir le sprioc an Aontais chun 25 % den talamh talmhaíochta a bheith á shaothrú go horgánach faoi 2030, níl sí á comhlánú le spriocanna a thugann aghaidh ar ghnéithe eile den earnáil. Níl aon straitéis ná aon spriocanna de chuid an Aontais ann don earnáil orgánach tar éis 2030 (míreanna [19-24](#)).

80 Tá gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta ríthábhachtach chun tacú le beartas an Aontais. Fuaireamar amach gur fhorbair na Ballstáit beartais intíre don earnáil orgánach ar luasanna éagsúla agus ar leibhéil cháilíochta éagsúil. Níor thug siad aghaidh ach go páirteach ar riachtanais shonracha a n-earnála orgánaí uair a bhí cistí CBT á gclársceidealú acu (míreanna [25-35](#)).

Moladh 1 – Creat straitéiseach an Aontais chun earnáil orgánach a neartú agus feabhas a chur ar an nasc le tacaíocht CBT

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) feabhas a chur ar chur chuige straitéiseach an Aontais don earnáil orgánach, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh
 - (i) fíis fhadtéarmach a shainiú don earnáil a leanfaidh ar aghaidh tar éis 2030;
 - (ii) spriocanna intomhaiste agus táscairí bonnlíne a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta;
 - (iii) machnamh a dhéanamh ar spriocanna breise chun an sprioc 25 % limistéarbhunaithe don fheirmeoireacht orgánach a chomhlánú chun forbairt fhoriomlán na hearnála a áirithiú (e.g. chun táirgeadh agus tomhaltas orgánach a spreagadh).
- (b) sa CBT tar éis 2027, na Ballstáit a spreagadh chun úsáid thacaíocht CBT a nascadh ar bhealach níos fearr leis na riachtanais a shainiú siad don earnáil orgánach.

Spriocdháta don chur chun feidhme: (a) faoi dheireadh 2026 agus (b) faoi dheireadh 2027.

81 Fuaireamar amach nach raibh cur chun feidhme comhsheasmhach na rialacha orgánacha cinntithe ag na Ballstáit, agus gur annamh a chuir siad aon phrionsabail orgánacha san áireamh sa bhreis ar na ceanglais dhlíthiúla i dtacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach (míreanna 37-43). Ní spreagann úsáid fhorleathan maoluithe le haghaidh síolta neamhorgánacha feirmeoirí chun síolta orgánacha a tháirgeadh agus an margadh sin a fhorbairt (míreanna 44-51). Seachas tacú le glacadh na feirmeoireachta orgánaí, níor dhírigh na Ballstáit go leordhóthanach ar chistiú CBT chun seasamh na bhfeirmeoirí sa luachshlabhra a neartú agus chun an earnáil orgánach a fhorbairt tuilleadh (míreanna 52-59).

Moladh 2 – Cuspóirí comhshaoil agus margaidh na feirmeoireachta orgánaí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr in CBT

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) treoraíocht a chur ar fáil do na Ballstáit chun na rialacha a shainítear sa Rialachán Orgánach a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus na prionsabail orgánacha a chomhtháthú ar bhealach níos fearr sa tacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach;
- (b) measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú cistí CBT le hinbhuanaitheacht eacnamaíocht na feirmeoireachta orgánaí chun tacaíocht CBT tar éis 2027 a spriocdhírú ar an earnáil orgánach ar bhealach níos fearr;
- (c) anailís a dhéanamh ar úsáid na n-údaruithe agus na maoluithe go léir maidir le feirmeoireacht orgánach agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh.

Spriocdháta don chur chun feidhme: faoi dheireadh 2026.

82 Tacaíonn CBT go príomha leis an bhfeirmeoireacht orgánach le haghaidh na dtairbhí comhshaoil agus aeráide a bhfuiltear ag súil leo. Mar sin féin, leis an gcreat faireacháin agus meastóireachta a chuir an Coimisiún agus na Ballstáit i bhfeidhm, ní cheadaítear ach faireachán a dhéanamh ar chaiteachas an Aontais, ach ní cheadaítear measúnú a dhéanamh ar a thionchar (míreanna [61-66](#)). D'fhéadfadh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar thacaíocht CBT trí uirlisí eile de chuid an Aontais atá ann cheana, ach níl faisnéis ábhartha agus ionadaíoch iontu maidir le feirmeoireacht orgánach (míreanna [68-71](#)). Tá tionchar fós ag infhaighteacht theoranta sonraí maidir leis an earnáil orgánach, lena n-áirítear sonraí maidir le margadh na dtáirgí orgánacha, ar an bpróiseas ceaptha beartas (míreanna [72-77](#)).

Moladh 3 – Infhaighteacht sonraí ábhartha a áirithiú chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt na feirmeoireachta orgánaí

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) bunaithe ar shonraí a bailíodh cheana, oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun meastóireacht a dhéanamh ar rannchuidiú thacaíocht CBT don fheirmeoireacht orgánach chun cuspóirí CBT a bhaint amach;
- (b) faisnéis ábhartha agus ionadaíoch a bhailiú maidir le feirmeoireacht orgánach in FSDN chun measúnú a dhéanamh ar thionchar thacaíocht CBT;
- (c) anailís a dhéanamh ar an ngá atá le sonraí níos mionsonraithe a bhailiú maidir leis an earnáil orgánach (e.g. oibreoirí orgánacha, an limistéar atá á thiontú) chun tacú le cinntí beartais.


Spricdháta don chur chun feidhme: (a), (b) faoi dheireadh 2027 agus (c) faoi dheireadh 2028.

Is é Seomra I, faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg ag a chruinniú an 10 Iúil 2024.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
An tUachtarán

Iarscríbhinn – Tomhaltas táirgí orgánacha sna Ballstáit



Tabhair ar aire: Níl aon sonraí ar fáil maidir le tomhaltas táirgí orgánacha sa Chipir, i Málta, sa Phortaingéil ná sa tSlóvaic.

Foinse: CIE bunaithe ar shonraí 2022 ó shonraí FIBL maidir le **díolacháin mhiondíola** orgánacha, agus ó shonraí Eurostat maidir le **holltáirgeadh intíre** (arna n-asbhaint go deireanach ar an 20 Aibreán 2024).

Giorrúcháin

CBT: An comhbheartas talmhaíochta

CCFM: Creat coiteann faireacháin agus meastóireachta

CETFT: An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

CFMF: Creat faireacháin agus meastóireachta feidhmíochta

CFT: Clár forbartha tuaithe

LSCF: An Líonra Sonraí um Chuntasáocht Feirme

LSIF: An Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme

LUCAS: Suirbhé Staidrimh Dráma Limistéir ar Chumhdach/Úsáid Talún

Gluais

An clár forbartha tuaithe: Tacar cuspóirí agus gníomhartha ilbhliantúla náisiúnta nó réigiúnacha, arna fhorbairt ag an gCoimisiún, chun beartas forbartha tuaithe an Aontais a chur chun feidhme.

An Comhaontú Glas don Eoraip: Straitéis fáis an Aontais a glacadh in 2019, chun aeráidneodracht a bhaint amach don Aontas faoi 2050.

An Comhbheartas Talmhaíochta: Beartas aonair aontaithe an Aontais Eorpaigh ar an talmhaíocht, atá comhdhéanta d'fóirdheontais agus raon de bhearta eile chun slándáil an tsoláthair bia a ráthú, chun caighdeán cóir maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí an Aontais, chun forbairt tuaithe a chur chun cinn agus chun an comhshaol a chosaint.

Fís 2020: Clár an Aontais don chistiú taighde agus nuálaíochta i dtréimhse 2014-2020.

Fís Eorpach: Clár an Aontais don chistiú taighde agus nuálaíochta i dtréimhse 2021-2027.

Limistéar talmhaíochta a úsáidtear: Achar iomlán na talún feirme ina bhfuil talamh arúil, féarthailte buana, barra buana agus gairdíní cistine.

Slabhra soláthair orgánach: Na gníomhaíochtaí uile a dhéantar chun táirgí orgánacha a sheachadadh chuig tomhaltóir deiridh, lena n-áirítear go háirithe feirmeoireacht, próiseáil, dáileadh agus miondíol.

Freagraí ón gCoimisiún

<https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-19>

Amlíne

<https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-19>

An fhoireann iniúcháireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúcháirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chlár an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúcháirí na tascanna iniúcháireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúcháireachta I – Úsáid Inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, atá faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Keit Pentus-Rosimannus (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Annikky Lamp (Ceann na hOifige Príobháidí), Daria Bochnar (Ataisé na hOifige Príobháidí); Ramona Bortnowschi, (Príomhbhainisteoir); Mihaela Vacarasu (Ceann Cúraim); Grzegorz Grajdura Vincenza Ferrucci, Irina Flat, Anca-Florinela Cristescu agus Mateusz Minic (Iniúcháirí). Thug Laura McMillan tacaíocht teanga. Thug Alexandra Mazilu tacaíocht ghrafach.



Ó chlé go deas: Irina Flat, Vincenza Ferrucci, Ramona Bortnowschi, Annikky Lamp, Keit Pentus-Rosimannus, Grzegorz Grajdura, Mihaela Văcărașu, Daria Bochnar.

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i [gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa](#) maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi [cheadúnas Creative Commons – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta \(CC BY 4.0\)](#). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpicéir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoinne tionsclaíche, amhail paitinní, trádmarcanna, dearáí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

HTML	ISBN 978-92-849-2938-2	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/711732	QJ-AB-24-019-GA-Q
PDF	ISBN 978-92-849-2895-8	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/124	QJ-AB-24-019-GA-N

Is modh talmhaíochta í an fheirmeoireacht orgánach chun bia a tháirgeadh trí shubstaintí agus próisis nádúrtha a úsáid. Leag an Coimisiún síos sprioc chun 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais a bheith á shaothrú go horgánach faoi 2030 – méadú suntasach ó 10.5 % in 2022. Fuaireamar go raibh gnéithe tábhachtacha in easnamh i straitéis an Aontais maidir le feirmeoireacht orgánach, amhail cuspóirí cainníochtaithe agus conas dul chun cinn a thomhas. Chuidigh cistí AE le haghaidh feirmeoireacht orgánach – níos mó ná €12 bhiliún in 2014-2022 – chun an limistéar orgánach a mhéadú, ach níor cuireadh cuspóirí comhshaoil agus margaidh san áireamh go leordhóthanach. Thairis sin, mar gheall ar shrianta sonraí, níorbh fhéidir tionchar an bheartais a mheasúnú. Tá moltaí déanta againn chun straitéis agus éifeachtacht chistí AE d’fheirmeoireacht orgánach a fheabhsú.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fómhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh .



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors